Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta
9
acmhainn do bhliain 9

Curaclam
Thuaisceart Éireann

an fachtóir WOW

Aonad a hAon An Gineadóir Oibre

an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta
9
acmhainn do bhliain 9

Clár Ábhair

Léargas Ginearálta ar an Aonad 3

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc taobh istigh den Aonad seo 5

Téama 1	Ag Tuiscint Earnálacha Fostaíochta	6
Téama 2	Poist in Earnálacha	8
Téama 3	Gach Rud Faoi Phost	9
Téama 4	Cad é atá i gCeist le Post?	10
Téama 5	Cé atá Páirteach Ann?	11
Téama 6	Poist Shuimiúla	12

Áiseanna

Suímh Idirlín Úsáideacha

an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta
9
acmhainn do bhliain 9

Aidhm

San aonad seo, foghlaimíonn na daltaí faoi na hearnálacha éagsúla fostaíochta, na cineálacha post agus an dóigh a mbíonn earnálacha fostaíochta ag brath ar a chéile. Fiosraíonn na daltaí poist aithnidiúla agus neamhaithnide fosta.

Léargas Ginearálta ar an Aonad

Mapáilte chuig na Ceanglais Reachtúla

Ba chóir go mbeadh ar chumas na ndaltaí:

- cur síos ar chineálacha difriúla oibre agus an réimse fostaíochta sa cheantar áitiúil a fhiosrú (ina measc aon athrú i dtreochtaí fostaíochta); agus
- réimse post aithnidiúil agus neamhaithnid a fhiosrú fosta.

Spriocanna Foghlama

Foghlaimíonn Daltaí:

- go dtig obair a chatagóiriú faoi earnálacha;
- go dtig le hearnálacha a bheith úsáideach nuair a bhítear ag cuardach post;
- go bhfuil réim deiseanna oibre ann, cuid acu aithnidiúil agus cuid eile neamhaithnid;
- go bhfuil go leor post inaistrithe, taobh istigh de agus in amanna trasna earnálacha;
- go bhfuil go leor éagsúlachta sna dualgais atá de dhíth faoi choinne poist; agus
- go mbíonn na hearnálacha fostaíochta ag brath ar a chéile go minic.

Critéir Ratha

Ag deireadh an aonaid seo:

- beidh na daltaí ábalta roinnt earnálacha fostaíochta a aithint, agus roinnt post taobh istigh de na hearnálacha sin a shainaithint;
- beidh siad ábalta cur síos ar réimse post a raibh siad eolach agus aineolach orthu;
- beidh siad ábalta cur síos ar an dóigh a bhfuil poist inaistrithe go minic;
- beidh siad eolach ar chuid de na dualgais nó tascanna atá de dhíth le post a chomhlíonadh; agus
- míneoidh siad na bealaí ina mbíonn roinnt earnálacha ag brath ar a chéile.

Fócas ar Scileanna Infhostaitheachta

Ligeann an t-aonad seo do dhaltaí scileanna a fhorbairt a chomhlíonann ceanglais reachtúla an churaclaim athbhreithnithe ag Eochairchéim 3. Tugtar breac-chuntas thíos ar an fhócas atá taobh istigh den aonad seo:

Ag Bainistiú Eolais

- Bheith ábalta eolas a rangú, a chóimheas agus a mheas.
- Modhanna a fhorbairt le heolas a shainscagadh agus a thaifeadadh.

Buncheisteanna

Síos tríd an aonad seo, spreag na daltaí amharc ar na ceisteanna seo a leanas:

- *Cad iad na cineálacha earnálacha fostaíochta atá i dTuaisceart Éireann?*
- *Cad iad na cineálacha post atá sna hearnálacha fostaíochta sin?*
- *Cad iad na hearnálacha a bhfuil suim agam féin iontu?*
- *Cad é an dóigh a bhfuil poist inaistrithe?*



Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc san Aonad seo

Téama 1
Ag Tuiscint Earnálacha Fostaíochta

Fiosraíonn na daltaí earnálacha fostaíochta i dTuaisceart Éireann.

Téama 2
Poist in Earnálacha

Fiosraíonn na daltaí roinnt post aithnidiúil agus neamhaithnid agus an dóigh a dtig poist a ghrúpáil ina n-earnálacha difriúla.

Téama 3
Gach Rud Faoi Phost

Fiosraíonn na daltaí na gnéithe éagsúla a bhaineann le post, ina measc na róil, na freagrachtaí agus na bealaí le cáiliú. Déanann siad iniúchadh ar choincheap post inaistrithe.

Téama 4
Cad é atá i gCeist le Post?

Déanann na daltaí iniúchadh ar na príomhdhualgais a bhaineann le réimse post a dhéanamh. Amharcann siad fosta ar ghnáthlá oibre i bpost.

Téama 5
Cé atá Páirteach Ann?

Foghlaimíonn na daltaí gurb annamh a bhíonn na hearnálacha fostaíochta ag feidhmiú go haonarach ach go mbíonn siad ag brath ar a chéile go minic.

Téama 6
Poist Shuimiúla

Déanann na daltaí iniúchadh ar phoist a bhfuil suim acu iontu.



Téama 1

Ag Tuiscint Earnálacha Fostaíochta

Fiosraíonn na daltaí earnálacha fostaíochta i dTuaisceart Éireann.



Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Cártaí Ráitis 'Tomhais an Earnáil'* (Áis 1)
- *Cártaí 'Poist san Earnáil'* (Áis 2)

Gníomhaíocht 1

Scríobh an cheist seo a leanas ar an chlár nó ar smeach-chairt: *Cad é an post ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú i do dhuine fásta?* Iarr ar dhaltaí smaoineamh faoi cad chuige a mbeadh an cheist seo doiligh a fhreagairt. I measc na bhfreagairtí bheadh b'fhéidir:

- ró-óg le fios a bheith agam go fóill; agus/nó
- níl a fhios agam cad iad na poist atá/a bheidh ar fáil.

Mínigh do na daltaí cad é atá i gceist leis an téarma 'earnáil fostaíochta'. Cuir ar an eolas iad go dtig leis a bheith an-éifeachtach amharc ar earnálacha fostaíochta agus iad ag smaoineamh faoi dheiseanna fostaíochta.

Tabhair roinnt samplaí d'earnálacha fostaíochta do na daltaí, mar shampla airgeadas, miondíol nó tógáil. Ansin, tabhair cuireadh dóibh bomaite a ghlacadh leis an oiread post agus a dtig leo smaoineamh orthu sna hearnálacha fostaíochta seo a scríobh síos.

Iarr ar na daltaí ransú smaointe a dhéanamh ar cad iad na príomhearnálacha fostaíochta i dTuaisceart Éireann dar leo. I measc na bhfreagairtí bheadh b'fhéidir:

- an earnáil tógála;
- an earnáil fáilteachais;
- an earnáil IT;
- an earnáil airgeadais;
- an earnáil miondíola;
- an earnáil sláinte;
- an earnáil chruthaitheach;
- an earnáil phoiblí;
- an earnáil faisin agus teicstílí;
- an earnáil déantúsaíochta;
- an earnáil talmhaíochta; agus/nó
- an earnáil turasóireachta.

Mínigh go gcuimsíonn na hearnálacha fostaíochta cuid mhór post atá cosúil lena chéile agus a bhfuil obair de chineál comhchosúil ag baint leo.

Roinn an rang i gceithre ghrúpa. Dáil ceann de na *Cártaí Ráitis 'Tomhais an Earnáil'* ar gach grúpa. Tá buneolas sna cártaí ráitis seo faoi earnálacha áirithe fostaíochta. Tabhair cuireadh do gach grúpa an t-eolas ar a gcárta a phlé agus socrú cén earnáil a dtagraíonn an cárta di.

Gníomhaíocht 2

Roinn an rang i sé 'achar cruinnithe'. (D'fhéadfadh ceithre nó cúig chathaoir i gciorcal bheith ina 'achar cruinnithe'). Cuir lipéad ar gach ceann de na 'hachair chruinnithe' le ceann de na hearnálacha fostaíochta seo a leanas air:

- an earnáil tógála;
- an earnáil fáilteachais;
- an earnáil IT;
- an earnáil airgeadais;
- an earnáil miondíola; agus
- an earnáil sláinte;

Dáil cárta poist aonair ón áis *Cártaí 'Poist san Earnáil'* ar gach dalta. Iarr ar na daltaí a gcárta poist a léamh agus iarracht a dhéanamh socrú cé acu de na sé earnáil fostaíochta a dtéann a bpost isteach ann. Nuair a bhíonn an cinneadh déanta acu, cuir cuireadh orthu suí san

'achar cruinnithe' a chomhfhreagraíonn dá n-earnáil fostaíochta. Nuair a bhíonn na daltaí uile ina súi i gceann de na 'hachair chruinnithe' déan cinnte go bhfuil gach dalta ina suí san achar ceart.

Iarr ar na daltaí a shamhlú go bhfuil siad mar pháirt de choiste ionadaíoch dá n-earnáil fostaíochta. Tá an coiste ag freastal ar Chomhdháil Bhliantúil Earnálacha Fostaíochta Thuaisceart Éireann. Ansin, iarr ar gach coiste cruinniú a eagrú agus teacht aníos le trí shlí le daoine óga a tharraingt chuig gairm ina n-earnáil fostaíochta.

Iarr ar gach coiste urlabhraí a cheapadh. Nuair a bhíonn an ghníomhaíocht críochnaithe ag na daltaí, tabhair cuireadh don urlabhraí ó gach coiste a gcuid smaointe a chur i láthair don chuid eile den rang.

Gníomhaíocht 3 – Deis Sínte

Roinn an rang i gcúig ghrúpa.
Iarr ar na grúpaí a shamhlú gur choimisiúnaigh an iris 'Fostaíocht Inniu' iad alt a scríobh ar cheann de na cúig phríomhearnáil fostaíochta i dTuaisceart Éireann.

Leithdháil ceann de na na hearnálacha fostaíochta seo a leanas ar gach grúpa:
- an earnáil tógála;
- an earnáil fáilteachais;
- an earnáil talmhaíochta;
- an earnáil phoiblí; agus
- an earnáil miondíola;

Mar mhalairt air seo, lig do gach grúpa earnáil fostaíochta a roghnú.

Cuir cuireadh ar na grúpaí taighde a dhéanamh ar a n-earnáil leithdháilte agus alt irise a scríobh faoi. Pléigh agus aontaigh ar na critéir ratha do na hailt roimh ré, mar shampla ba chóir go gcuimseodh na hailt:
- dhá fhíric shuimiúla faoin earnáil;
- poist thipiciúla san earnáil; agus
- na tairbhí a bhaineann le bheith ag obair san earnáil.

Mol do na grúpaí bheith cruthaitheach leis na hailt agus ceannlínte agus íomhánna tarraingteacha a úsáid má thig leo. Nuair a bhíonn siad réidh, taispeáin na hailt sa seomra ranga. Tabhair am do na daltaí gach alt a léamh. Ag an deireadh, iarr ar na daltaí na critéir ratha a úsáid le piarmheasúnú a dhéanamh ar na hailt.

Téama 2

Poist in Earnálacha

Fiosraíonn na daltaí roinnt post aithnidiúil agus neamhaithnid agus an dóigh a dtig poist a ghrúpáil ina n-earnálacha difriúla.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!

Ag soláthar leideanna
Ceisteanna éifeachtacha

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Cártaí 'Poist'* (Áis 3)
- *Cártaí 'Cé Mise?'* (Áis 4)

Gníomhaíocht 1

Eagraigh an rang i gcúig ghrúpa. Cuir foireann de na *Cártaí 'Poist'* ar fáil do gach grúpa. Tabhair cuireadh do gach grúpa oibriú le chéile leis na poist a rangú i gcatagóirí difriúla. Nuair a bhíonn an ghníomhaíocht seo críochnaithe ag na grúpaí, tabhair cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ranga le labhairt ar an dóigh ar rangaigh siad a gcuid cártaí.

Cuir i gcuimhne do na daltaí go bhfuil na poist eagraithe i gcatagóirí difriúla a dtugtar earnálacha fostaíochta orthu. Cuir in iúl dóibh go gcuimsíonn na *Cártaí 'Poist'* poist ó na hearnálacha seo a leanas:

- leigheas agus altranas;
- eolaíocht agus taighde;
- eolaíocht imshaoil;
- iriseoireacht agus foilsitheoireacht; agus
- IT.

Cuir cuireadh ar na grúpaí na cártaí a athrangú de réir na n-earnálacha thuasluaite.

Gníomhaíocht 2

Eagraigh an rang i gcúig ghrúpa. Leithdháil ceann de na hearnálacha fostaíochta thuasluaite ar gach grúpa. Iarr ar na grúpaí na *'Cártaí 'Poist'* a bhaineann lena n-earnáil fostaíochta a chur ar dheasc le go dtig le baill uile an ghrúpa iad a fheiceáil. Mar shampla, caithfidh an grúpa leighis agus altranais na *'Cártaí 'Poist'* uile a bhaineann le leigheas agus altranas a chur ar an tábla.

Ansin, dáil na *Cártaí 'Cé Mise?'* ábhartha ar gach grúpa. Iarr ar na grúpaí na *Cártaí 'Cé Mise?'* a chur béal fúthu ar an deasc. Iarr ar na daltaí sealanna a ghlacadh *Cárta 'Cé Mise?'* a roghnú agus é a léamh os ard dá ngrúpa. Tabhair cuireadh do na grúpaí iarraidh a thabhairt an cur síos ar an *'Chárta 'Cé Mise?'* a mheaitseáil le ceann de na *'Cártaí 'Poist'*. Mol do na grúpaí plé a dhéanamh agus aontú ar a gcuid cinntí. Iarr ar na grúpaí leanúint leis an ghníomhaíocht seo go dtí go mbíonn a gcuid *Cártaí 'Cé Mise?'* uile meaitseáilte lena gcuid *'Cártaí 'Poist'*.

Nuair a bhíonn an ghníomhaíocht seo críochnaithe ag na grúpaí, cuir cuireadh orthu na ceisteanna seo a leanas a phlé:

- cad iad na poist a shíleann tú atá suimiúil?
- cad iad na poist a raibh tú eolach orthu cheana?
- cad iad na poist nach raibh tú eolach orthu?
- cad iad na poist ar mhaith leat níos mó eolais faoi/fúthu?

Tabhair am do na grúpaí aiseolas a thabhairt, i dtaca lena gcuid cinntí de, don chuid eile den rang.

Gníomhaíocht 3 – Deis Sínte

Iarr ar na daltaí colláis post atá ar fáil ina gceantar áitiúil a chruthú. Mol dóibh na nithe seo a leanas a úsáid ina gcolláis:

- ailt ó nuachtáin agus irisí;
- an mhír fostaíochta i nuachtán áitiúil;
- grianghraif/íomhánna ó nuachtáin agus irisí;
- pictiúir;
- priontaí amach ón idirlíon;
- fíricí agus figiúirí, mar shampla staitisticí fostaíochta ón daonáireamh (tig le daltaí iad seo a rochtain ag www.nicensus2001.gov.uk);
- eolas ó ghníomhaireachtaí earcaíochta; agus/nó
- eolas ó mhalartáin fostaíochta.

Téama 3
Gach Rud Faoi Phost

Fiosraíonn na daltaí na gnéithe éagsúla a bhaineann le jab, ina measc na róil, na freagrachtaí agus na bealaí le cáiliú. Déanann siad iniúchadh ar choincheap post inaistrithe.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Teimpléad Próifíl Poist* (Áis 5)
- *An bhfuil Mo Phost So-aistrithe?* (Áis 6)

Gníomhaíocht 1

Mínigh don chuid eile den rang go bhfuil roinnt fachtóirí ag gach post a bhaineann leis go sonrach. Tig le próifíl poist na fachtóirí seo a léiriú.

Iarr ar dhaltaí aonair earnáil fostaíochta a roghnú a bhfuil suim acu inti. Tabhair cuireadh dóibh an t-idirlíon a úsáid le próifílí poist a aimsiú do réimse post taobh istigh den earnáil sin. Ansin, iarr orthu post amháin a roghnú ón earnáil fostaíochta a ndearna siad taighde uirthi agus an *Teimpléad Próifíl Poist* a chomhlíonadh.

Mol do na daltaí smaoineamh faoi na ceisteanna seo a leanas:
- cad é atá suimiúil faoin earnáil fostaíochta seo dar leat?
- cad chuige ar roghnaigh tú an post seo?
- cad é an dóigh a raibh an t-eolas a d'aimsigh tú suimiúil agus úsáideach?
- ar fhoghlaim tú rud ar bith faoin phost nó faoin earnáil fostaíochta a chuir iontas ort?

Tabhair cuireadh do na daltaí a bpróifíl poist chomhlíonta a chur i láthair don chuid eile den rang agus a gcuid freagairtí ar na ceisteanna thuas a roinnt.

Gníomhaíocht 2

Mínigh do na daltaí go dtig roinnt post a dhéanamh thar réimse earnálacha. I measc samplaí tá:
- ionadaí díolacháin;
- bainisteoir oifige;
- rúnaí;
- leabharchoimeádaí; agus/nó
- comhairleoir ar chúram custaiméirí.

Mar rang, pléigí cad é a dhéanann na poist sin so-aistrithe thar réimse earnálacha.

Dáil cóip den áis An bhfuil Mo Phost So-aistrithe? ar gach dalta. Liostaíonn an áis seo deich gcás poist. Iarrtar ar na daltaí a rá an síleann siad go bhfuil post so-aistrithe thar réimse earnálacha.

Gníomhaíocht 3 – Deis Sínte

Tabhair cuireadh do na daltaí fógra a chruthú don phost a roghnaigh siad i nGníomhaíocht 1. Ba chóir go mbeadh an t-eolas seo a leanas san fhógra:
- teideal poist;
- róil agus freagrachtaí;
- cáilíochtaí;
- taithí de dhíth; agus
- uaireanta oibre.

Mol do na daltaí taighde a dhéanamh ar fhógraí eile poist sna nuachtáin áitiúla nó ar an idirlíon. Ansin, eagraigh an rang ina mbeirteanna. Iarr ar na beirteanna a bhfógraí poist a roinnt lena chéile. Mol dóibh smaoineamh ar thrí cheist a chuirfeadh siad ar a gcomhpháirtí faoin phost i suíomh agallaimh.

Tabhair cuireadh d'fhostóir nó d'fhostaí teacht isteach sa seomra ranga le labhairt ar an phróifíl poist dá bpost.

Téama 4

Cad é atá i gCeist le Post?

Déanann na daltaí iniúchadh ar na príomhdhualgais a bhaineann le réimse post a dhéanamh. Amharcann siad fosta ar ghnáthlá oibre i bpost.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!

Ceisteoireacht éifeachtach
Ag giniúint cheisteanna na ndaltaí

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *An Mhaitrís Eochair-Dhualgas* (Áis 7)
- Páipéar smeach-chairte

Gníomhaíocht 1

Mínigh do na daltaí go bhfuil go leor dualgas difriúil a bhaineann le post agus go mbíonn na dualgais ag brath ar an phost. Roinn an rang i gceithre ghrúpa. Tabhair bileog mhór pháipéir do gach grúpa. Leithdháil post a bhfuil na daltaí eolach air ar gach grúpa. Mar mhalairt, lig do na grúpaí post a roghnú. Ansin, iarr ar na grúpaí dualgais a bpoist a liostú.

Pléigh an dóigh a mbíonn cuid de na dualgais i bpáirt ag go leor post. Roinn na daltaí i ngrúpaí de cheathrar. Dáil an *An Mhaitrís Eochair-Dhualgas* ar gach grúpa. Tugann an mhaitrís breac-chuntas ar roinnt post aithnidiúil ó réimse earnálacha agus sraith dualgas a bheadh de dhíth b'fhéidir do gach post. Iarr ar na grúpaí grinnscrúdú a dhéanamh ar gach ceann de na poist agus X a chur sa cholún do gach dualgas a shíleann siad a bheith ábhartha. Nuair a bhíonn an ghníomhaíocht críochnaithe acu, iarr ar na grúpaí aiseolas a chur ar ais ar a bhfreagairtí don chuid eile den rang.

Mar fhaisnéis ar an ghníomhaíocht seo, tabhair cuireadh don rang amharc ar na ceisteanna seo a leanas:

- cad iad na dualgais atá i bpáirt ag poist?
- an dtiocfadh le scil nó dualgas bheith inaistrithe chuig post eile?
- cad iad na dualgais eile a bheadh coitianta i measc na bpost seo?

Gníomhaíocht 2 – Deis Sínte

Tabhair cuireadh d'fhostaí ó chuideachta nó ó eagraíocht áitiúil labhairt leis an rang faoi lá oibre tipiciúil dá gcuid. Mar ullmhúchán dó seo, iarr ar an rang aontú ar dheich gceist le cur ar an fhostaí faoi dhualgais a bpoist.

Téama 5

Cé atá Páirteach Ann?

Foghlaimíonn na daltaí gurb annamh a bhíonn na hearnálacha fostaíochta ag feidhmiú go haonarach ach go mbíonn siad ag brath ar a chéile go minic.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Cás-staidéar 'Ár mBaile'* (Áis 8)
- *Bileog Achoimre Múinteora Cás-staidéir* (Áis 9)
- Páipéar smeach-chairt
- Marcóirí daite
- Pinn aibhsithe

Gníomhaíocht 1

Cuir in iúl don rang gur oscail Óstan Chois na hAbhna anuraidh. Bhí réimse earnálacha fostaíochta páirteach sa tionscadal leis an óstán a thógáil agus a lainseáil mar shampla:

- **An Earnáil Phoiblí**
  Thug fostaithe ón Roinn Pleanála cead an t-óstán a thógáil.
- **An Earnáil Airgeadais**
  B'éigean d'úinéirí an óstáin plé le fostaithe ón earnáil airgeadais agus iad ag foinsiú airgeadais ón bhanc leis an óstán a thógáil.
- **An Earnáil Tógála**
  Thóg cuid mhór fostaithe ón tionscal tógála an t-óstán agus d'fheistigh siad é.

Tabhair am faoi leith do na daltaí an tasc a chríochnú. Nuair a bhíonn siad críochnaithe, iarr ar na breathnóirí cur síos ar cé chomh maith agus a chomhoibrigh a ngrúpa agus a rinne siad cumarsáid lena chéile. Mol do bhaill eile de na grúpaí plé a dhéanamh ar na tréithe a bhaineann le saothar foirne a chuidigh nó a chuir bac lena ndul chun cinn.

- **An Earnáil Miondíola**
  Phléigh úineirí an óstáin le fostaithe ón earnáil miondíola agus iad ag ceannach fearastaithe.
- **An Earnáil Fáilteachais**
  Reáchtálann agus bainistíonn fostaithe ón earnáil fáilteachais mar shampla fáilteoirí, bainisteoirí bialainne, foireann tábhairne agus glantóirí an t-óstán.

Roinn na daltaí i gceithre ghrúpa. Iarr ar gach grúpa na ceithre earnáil fostaíochta a liostú a bheadh páirteach b'fhéidir sna tionscadail seo a leanas:

- oscailt scoil úr, ionad fóillíochta nó ionad siopadóireachta;
- ceolchoirm san Odyssey;
- imeacht spóirt;
- amhrán a scríobh agus a thaifeadadh lena eisiúint sna cairteacha; agus
- duine a bhí i ndrochthimpiste bóthair a chóireáil.

Iarr ar na grúpaí a gcuid freagraí a liostú ar leathanach smeach-chairte agus samplaí a thabhairt den ról a thiocfadh le fostaithe ó gach earnáil fostaíochta a ghlacadh. Nuair a bhíonn na grúpaí réidh, tabhair cuireadh d'urlabhaí ó gach grúpa a gcuid freagraí a roinnt leis an chuid eile den rang.

B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú liosta earnálacha fostaíochta a thaispeáint sa seomra ranga le go dtig le daltaí tagairt a dhéanamh dó.

Gníomhaíocht 2

Eagraigh na daltaí ina mbeirteanna. Tabhair cóip den áis *Cás-staidéar 'Ár mBaile'* do gach beirt. Insíonn an cás-staidéar scéal Sheosaimh agus Shiobhán, lánúin áitiúil a bhog isteach ina dteach úr ar na mallaibh. Tugann sé breac-chuntas ar na céimeanna éagsúla a ghlac siad agus iad ag tógáil an tí. Iarr ar na beirteanna peann aibhsithe a úsáid le heochairfhocail a shainaithint sa téacs a thugann leideanna leis na hearnálacha fostaíochta a shainaithint a raibh Seosamh agus Siobhán ag plé leo, b'fhéidir agus iad ag tógáil an tí úir.

Nuair a bhíonn an ghníomhaíocht seo críochnaithe ag na beirteanna, cuir cuireadh orthu teacht aníos le trí chéim eile i scéal Sheosaimh agus Shiobhán. Iarr orthu breac-chuntas a thabhairt ar na hearnálacha fostaíochta a bheadh páirteach i ngach céim.

Téama 6
Poist Shuimiúla

Déanann na daltaí iniúchadh ar phoist a bhfuil suim acu iontu.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!

Ag measúnú do chuid foghlama féin.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* (Áis 10)

Gníomhaíocht 1

Trí *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* a úsáid bíonn deis ag na daltaí earnálacha agus poist a scrúdú a bhfuil suim acu iontu.

Dáil cóip de *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* ar gach dalta. Mol do na daltaí é seo a léamh agus smaoineamh faoina gcuid foghlama go dtí seo. Iarr orthu *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* a chomhlíonadh. Ag an deireadh, tabhair cuireadh do na daltaí páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ghrúpa lena gcuid foghlama a roinnt lena chéile.

B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach aiseolas a thaifeadadh ó dhaltaí aonair ina gComhad Dul Chun Cinn.

Mobile: 07912 381528
RE/MAX
PROPERTIES PORTADOWN
Manor, Craigavon BT65 5BX
Janis Jameson
RE/MAX
PROPERTIES PORTADOWN
97 Knockview Drive, Tandragee
£159,000
Gary Johnston
Mobile: 07921 819672
RE/MAX
PROPERTIES PORTADOWN
THE MEADOWS ANNAGHMORE BT62 1AJ
SALE AGREED
fully appreciate all it has to offer.
Price Guide: £179,500
£137,500
£179,500
Lynne & Janis
RE/MAX

Cártaí Ráitis 'Tomhais an Earnáil'

Tháinig fás suntasach ar an earnáil seo le blianta beaga anuas i dTuaisceart Éireann ó tháinig socracht níos mó i ndiaidh an phróisis síochána.

Tháinig borradh mór faoin earnáil seo le teacht isteach turasóirí ina sruthanna ó thíortha eile.

Léiríonn 'busanna turais' i mBéal Feirste go bhfuil borradh faoin earnáil seo.

Sna blianta a chuaigh thart tháinig cuid mhór fostaíochta ón earnáil seo i dTuaisceart Éireann.

Bhí líon mór teaghlach i mBéal Feirste ag brath ar an earnáil seo le poist a chruthú i gcomhlachtaí cosúil le Harland & Wolff agus Shorts.

Tá eagraíochtaí cosúil le Invest NI ag obair go gníomhach leis an earnáil seo a chur chun cinn le blianta beaga anuas.

Go traidisiúnta bhí an earnáil seo ar mhórfhostóirí i dTuaisceart Éireann, go háirithe i gceantair thuaithe.

Tháinig cúlú mór uirthi le blianta beaga anuas.

Mar gheall air sin chuidigh an rialtas le cláir éagsúla le cuidiú le fás a spreagadh.

Tháinig fás rábach ar an earnáil fostaíochta seo le blianta beaga anuas.

Tá an fás seo le feiceáil ón líon tionscnamh forbartha nua atá le feiceáil ar fud Thuaisceart Éireann.

Is mar gheall ar an earnáil seo go bhfuil ár 'dtimpeallacht thógtha' ann.

Cártaí 'Poist san Earnáil' (1 as 4)

Comhairle morgáiste	Bainisteoir Bialainne
Bainisteoir Siopa	Leictreoir
Póirtéir Óstáin	Ríomhchláraitheoir
Fáilteoir Óstáin	Dearthóir Gréasáin
Cúntóir Díolacháin (Siopa Éadaí)	Oifigeach Bainc

Cártaí 'Poist san Earnáil' (2 as 4)

Maor Láithreáin	Tiománaí Craenach
Forbróir Bogearraí	Máinlia
Ceannaitheoir d'ollmhargadh mór	Tógálaí
Altra	Bainisteoir Tráchtála (Banc)
Radagrafaí	Príomhchócaire

Cártaí 'Poist san Earnáil' (3 as 4)

Díoltóir Carranna	Bainisteoir Ócáidí
Stocbhróicéir	Oibreoir seiceála amach
Forbróir Ríomhchluichí	Búistéir
Criú Cábán Aeir	Pluiméir
Bláthadóir	Siúinéir

Cártaí 'Poist san Earnáil' (4 as 4)

Cúntóir Eolais Aerfoirt	Comhairleoir Custaiméirí Bainc

Cártaí 'Poist'

Míochaine agus Altranas (1 as 3)

Altra do Dhaoine Fásta	Oibrí Paraimhíochaine Otharchairr
Altra Ceantair	Dochtúir Ginearálta
Síceolaí Cliniciúil	Máinlia

Cártaí 'Poist'

Míochaine agus Altranas (2 as 3)

Sláinteolaí Fiacla	Micribhitheolaí
Cúntóir Cúraim	Fisiteiripeoir Spóirt
Poitigéir	Teicneoir Seirbhísí Steiriúla

Cártaí 'Poist'

Míochaine agus Altranas (3 as 3)

Altra Páistí	Teiripeoir Urlabhra agus Teanga
Fleibeatóimí	Radagrafaí
Cúntóir Radagrafaíochta	Diaitéiteach

Cártaí 'Poist'

Eolaíocht agus Taighde (1 as 2)

Teicneoir Ainmhithe	Zó-eolaí
Aigéaneolaí	Réalteolaí
Anailísí Faisnéise Coiriúla	Eolaí Bia/ Teicneoir Bia

Cártaí 'Poist'

Eolaíocht agus Taighde (2 as 2)

Eolaí Bithleighis	Comhairleach Fuaime
Eolaí Tomhaltóireachta	Teicneoir Innealtóireachta Ceimicí
Teicneoir Ábhar	Innealtóir Ceimiceach

Cártaí 'Poist'

Eolaíocht an Chomhshaoil (1 as 2)

Innealtóir Talmhaíochta

Oibrí Gléasra Cóireála Fuíolluisce

Oifigeach Athchúrsála

Luibheolaí

Oifigeach Tuaithe/ Caomhnaithe

Cártaí 'Poist'

Eolaíocht an Chomhshaoil (2 as 2)



Cártaí 'Poist'

Foilsitheoireacht agus Iriseoireacht (1 as 2)

Cúntóir Craolta Raidió	Údar Teicniúil
Iriseoir Craolta	Iriseoir Nuachtán
Iriseoir Irise	Aistritheoir

Cártaí 'Poist'

Foilsitheoireacht agus Iriseoireacht (2 as 2)

Oifigeach Caidrimh Phoiblí

Profléitheoir

Eagarthóir Cóipe

Cártaí 'Poist'

TF (1 as 2)

Forbróir Ríomhchluichí	Dearthóir Gréasáin
Bainisteoir Ábhar Gréasáin	Teicneoir Tacaíochta TF
Forbróir Bogearraí	Anailísí Córais

Cártaí 'Poist'

TF (2 as 2)

Innealtóir Líonra	Riarthóir Bunachar Sonraí

Cártaí 'Cé Mise?'

Míochaine agus Altranas (1 as 3)

Cé Mise?

Soláthraím cúram do dhaoine atá tinn, gortaithe nó a bhfuil míchumais fhisiceacha orthu.

Ofrálaim cúram, bím ag breathnú agus déanaim meas ar dhul chun cinn daoine atá tinn nó gortaithe. D'oibrigh mé in éineacht lena lán daoine, dochtúirí san áireamh.

Cé Mise?

An post atá agam plé le héigeandálacha sláinte. Mise ar dhuine de na chéad daoine le teacht chuig láthair éigeandála.

Caithfidh mé bheith cinnte go mbíonn dóigh mhaith ar m'fheithicil agus bíonn an trealamh atá de dhíth istigh ann.

Cé Mise?

Is é an ról s'agamsa dea-shláinte a chur chun cinn agus tinneas a chosc sa phobal. Tugaim cuairt ar dhaoine ina dteach féin, go háirithe máithreacha nua agus páistí faoi chúig bliana d'aois.

Cé Mise?

Cuirim cúram míochaine ar fáil d'othair sa phobal. Is é an cúram atá orm tinneas, galair agus ionfhabhtú a dhiagnóisiú agus a chóireáil. Is gnách go dtagann othair chuig mo lialann nó tig liom, más gá, cuairt a thabhairt orthu sa bhaile.

Cé Mise?

Cuidím le daoine athruithe dearfacha a dhéanamh ar an dóigh a smaoiníonn agus a ngníomhaíonn siad. Caithfidh mé bheith ábalta a gcuid smaointe a thuiscint sa dóigh go dtig liom oibriú leo a riocht a bhisiú. Oibrím le daoine a bhfuil deacrachtaí acu amhail neamhord itheacháin, imní, dúlagar agus andúile.

Cé Mise?

Déanaim sainchúram de bheith ag cur cóireála ar dhaoine a bhféadfadh obráid a bheith de dhíth orthu.

Cártaí 'Cé Mise?'

Míochaine agus Altranas (2 as 3)

Cé Mise?

Oibrím don fhiaclóir. Baineann an post agam le plaic a bhaint, snas a chur ar fhiacla agus comhairle agus eolas a thabhairt ar dhea-shláinteachas béil.

Cé Mise?

Oibrím i saotharlann. Is é an ról atá agam galair a dhiagnóisiú, baictéir a shainaithint agus daoine agus an timpeallacht a chosaint ar leathadh infhabhtaithe.

Cé Mise?

Cuirim cuidiú ar fáil do dhaoine le réimse deacrachtaí. Tacaím le daoine lena ngnáthaimh laethúla amhail ní agus gléasadh, úsáid an leithris agus iad féin a bheathú.

Cé Mise?

Is é an post atá agam cuidiú le daoine spóirt. Cuirim comhairle orthu faoin dóigh le gortú a sheachaint. Cuidím leo, chomh maith, téarnamh ó ghortuithe.

Cé Mise?

Drugaí agus míochaine an réimse saineolais agam. Ullmhaím na leighis a ordaíonn dochtúirí. Chomh maith leis sin cuirim comhairle cúram sláinte ar an phobal faoi úsáid shlán leigheas.

Cé Mise?

Is é an ról atá agam cinnte a dhéanamh de go mbíonn an trealamh agus na hábhair atá de dhíth ar ospidéil faoi choinne timpeallacht ghlan acu.

Cártaí 'Cé Mise?'

Míochaine agus Altranas (3 as 3)

Cé Mise?

Amanna tugtar altra péidiatraiceach orm. Amanna faighim saintraenáil le cúram a thabhairt do dhaoine óga faoi 18 mbliana d'aois a bhfuil cúram míochaine de dhíth orthu.

Cé Mise?

Fuair mé traenáil le tacú le daoine óga a bhfuil fadhbanna cumarsáide acu nó a bhfuil deacracht acu ithe, ól nó slogadh agus le comhairle a chur orthu.

Cé Mise?

Oibrím in ospidéil agus glacaim samplaí fola ó dhaoine a mbíonn tástáil de dhíth ar a gcuid fola sa tsaotharlann.

Cé Mise?

Cuidím le lianna comhairleacha othair atá tinn nó gortaithe a dhiagnóisiú nó cóireáil a thabhairt dóibh. Déanaim sainfheidhmiú ar úsáid radaíochta amhail x-ghathanna.

Cé Mise?

Amanna tugtar oibrí tacaíochta íomháithe orm. Tacaím leis an radagrafaí san obair laethúil aige/aici. Ar na rudaí a dhéanaim, cuirim coinní in áirithe agus iompraím othair go dtí an barda agus ar ais arís.

Cé Mise?

Is é an ról atá agam comhairle agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi roghanna bia agus nósanna maireachtála le fadhbanna sláinte a bhaineann le cothú a chosc, amhail diaibéiteas nó mí-ord itheacháin.

Cártaí 'Cé Mise?'

Eolaíocht agus Taighde (1 as 2)

Cé Mise?

Tugaim cúram d'ainmhithe atá póraithe faoi choinne taighde. Ar na dualgais a bhíonn orm tá ag déanamh cinnte go mbíonn go leor bia agus uisce ag na hainmhithe, na cásanna acu a ghlanadh agus na hainmhithe a bhreathnú.

Cé Mise?

Is é an ról atá agam staidéar a dhéanamh ar iompar ainmhithe.

Cé Mise?

Déanaim sainfheidhmiú ar staidéar ar na farraigí agus na haigéin. Bím ag plé le hiarmhairtí athrú aeráide agus tionchar truaillithe ar éiceachórais mhuirí.

Cé Mise?

Déanaim staidéar ar an chruinne sa phost s'agam, na pláinéid, réaltaí agus foirmiú réaltraí san áireamh.

Cé Mise?

Úsáideann póilíní an t-eolas a ndéanaim staidéar air le coireacht a laghdú nó le fadhbanna coiriúla a réiteach.

Cé Mise?

Tá mise freagrach as dóigheanna nua le bia a choinneáil úr agus slán a fhiosrú. Is ionann sin gur minic a bhíonn orm sábháilteacht agus caighdeán bia a thástáil.

Cártaí 'Cé Mise?'

Eolaíocht agus Taighde (2 as 2)

Cé Mise?

Oibrím i saotharlann an ospidéil. Scrúdaím samplaí othar a chuireann dochtúirí chugam le cuidiú leo na hothair a dhiagnóisiú agus iad a chóireáil.

Cé Mise?

Bainim féin le fuaim. Caithfidh mise an fhuaim sa timpeallacht a bhainistiú, a rialú agus a smachtú.

Cé Mise?

Faighim amach tuairimí tomhaltóirí ar tháirgí agus seirbhísí. Úsáidim an t-eolas seo le comhairle a chur ar chomhlachtaí ar an dóigh a dtiocfadh leo a gcuid táirgí agus seirbhísí a fheabhsú.

Cé Mise?

Sa phost s'agam thiocfadh leat oibriú le plaistigh, drugaí, leighis nó fiú bia agus deoch. Tacaím leis an innealtóir le táirgí a dhéanamh. Ar na dualgais is féidir a bheith orm tá dearadh agus tógáil innealra nó turgnaimh a chur i gcrích.

Cé Mise?

Oibrím do chomhlachtaí leis an dóigh a n-iompraíonn ábhair éagsúla faoi choinníollacha éagsúla a thástáil. Úsáidtear torthaí mo chuid tástálacha le táirgí a fheabhsú, fadhbanna a réiteach nó le táirgí nua a fhorbairt.

Cé Mise?

Faighim dóigheanna nua le hamhábhair a athrú ina dtáirgí úsáideacha amhail bia nó míochaine.

Cártaí 'Cé Mise?'

Eolaíocht an Chomhshaoil (1 as 2)

Cé Mise?

Cuirim comhairle ar fheirmeoirí agus ar an rialtas faoi cheisteanna talmhaíochta. Bím freagrach, chomh maith, as dearadh, forbairt agus suiteáil innealra agus trealaimh do thionscail amhail talmhaíocht agus foraoiseacht.

Cé Mise?

Sa phost s'agam bím ag plé le diúscairt shlán fuíolluisce. Déanaim cóireáil ar uisce lena dhéanamh slán le haghaidh óil.

Cé Mise?

Bím freagrach as fuíoll a laghdú sa timpeallacht áitiúil. Ar na dualgais a bhíonn orm bíonn scríobh polasaithe, comhairliú agus tograí athchúrsála a chur chun cinn.

Cé Mise?

Baineann mo chuid oibre le staidéar ar na plandaí. Sa phost s'agam bíonn orm speicis plandaí a shainaithint, a aicmiú agus a thaifeadadh. Bím ar lorg speiceas nua agus déanaim measúnú ar an tionchar atá ag truailliú ar phlandaí.

Cé Mise?

Déanaim iarracht a chur ina luí ar dhaoine a thábhachtaí atá caomhnú na tuaithe. Tugaim comhairle, déanaim suirbhéanna agus déanaim bileoga eolais.

Cártaí 'Cé Mise?'

Eolaíocht an Chomhshaoil (2 as 2)

Cé Mise?

Bím freagrach as a sheiceáil go bhfuil daoine ina gcónaí agus ag obair i dtimpeallachtaí sláintiúla.

Cé Mise?

Is é an ról atá agam dóigheanna nua agus dóigheanna níos fearr a fháil le hamhábhair a bhaint amach as an talamh. Táim eolach ar mhodhanna tochailte amhail pléascadh agus druileáil.

Cé Mise?

Bím freagrach as fuíoll a thabhairt ar shiúl ó thithe daoine agus ó láithreáin oibre.

Cé Mise?

Baineann an post s'agam le dearadh agus tógáil foirgneamh chomh maith le seantithe a athchóiriú.

Cártaí 'Cé Mise?'

Foilsiú agus Iriseoireacht (1 as 2)

Cé Mise?

Tacaím le léiritheoirí agus láithreoirí raidió agus iad ag déanamh cláir raidió.

Cé Mise?

Déanaim doiciméid agus lámhleabhair amhail lámhleabhair treoracha sa dóigh go dtig le húsáideoirí táirgí iad a thuiscint.

Cé Mise?

Déanaim taighde ar an nuacht agus déanaim scéalta fíorasacha do láithreoirí.

Cé Mise?

Déanaim taighde agus scríobhaim scéalta do nuachtáin

Cé Mise?

Déanaim taighde agus scríobhaim scéalta d'irisí.

Cé Mise?

Is é an post atá agam teanga amháin a thiontú go teanga eile.

Cártaí 'Cé Mise?'

Foilsiú agus Iriseoireacht (2 as 2)

Cé Mise?

Tá mise freagrach as íomhá comhlachta a chosaint. Is é an ról atá agam dea-chaidrimh a choinneáil idir an comhlacht agus a chuid custaiméirí.

Cé Mise?

Is é an ról atá agam obair údair a sheiceáil agus a athrú más gá.

Cé Mise?

Caithfidh mise obair eagarthóra a sheiceáil sula gclóbhuailtear nó sula bhfoilsítear aon saothar scríofa.

Cártaí 'Cé Mise?'

TF (1 as 2)

Cé Mise?

Déanaim cluichí le húsáid ar fhóin póca, ar an idirlíon nó ar chonsóil ríomhaire.

Cé Mise?

Tógaim suímh Gréasáin do chliaint. Ar na gnéithe a bhaineann le mo phost tá obair ar an dearadh agus ar an struchtúr.

Cé Mise?

Déanaim cinnte de go bhfreastalaíonn an t-eolas a chuireann comhlacht ar a shuíomh Gréasáin ar riachtanais an chustaiméara.

Cé Mise?

Réitím fadhbanna TF do dhaoine.

Cé Mise?

Bím ag dearadh agus ag forbairt ríomhchláir nua. Is é aidhm na ríomhchlár cur ar chumas an chomhlachta a obair a bhainistiú níos éifeachtaí.

Cé Mise?

Molaim feabhsuithe do phróisis TF comhlachta.

Cártaí 'Cé Mise?'

TF (2 as 2)

Cé Mise?

Bím ag dearadh agus ag suiteáil córais chumarsáide le córas TF comhlachta.

Cé Mise?

Déanaim uasghrádú agus suiteálaim bunachair shonraí ar ríomhchórais eagraíochtaí.

Teimpléad Próifíl Poist

Teideal poist

Róil agus freagrachtaí

Cáilíochtaí de dhíth

Cad chuige a bhfuil an post tábhachtach/buntáistí don phobal?

An bhfuil Mo Phost So-aistrithe?

Cás-staidéar	Inaistrithe nó Baineann leis an Earnáil
D'oibrigh Seosamh go dian mar thógálaí le beagnach 25 bliain. D'oibrigh sé do roinnt gnólachtaí le linn an ama sin ach bhí sé lena fhostóir reatha le beagnach deich mbliana.	
D'oibrigh Sorcha mar ionadaí díolacháin le mórchomhlacht cógaisíochta le 18 mí anuas. Roimhe sin d'oibrigh sí san oifig dhíolacháin do chomhlacht réiteach TF.	
Oibríonn Áine mar fháilteoir in óstán áitiúil. Trína ról d'fhorbair sí dea-scileanna cumarsáide. Baineann sí sult as bheith ag plé leis an phobal.	
Cháiligh Dáithí mar mhúinteoir i 1990 agus ó shin d'oibrigh sé san iar-bhunscoil áitiúil aige. Múineann sé Béarla agus Stair.	
Faoi láthair tá Seona ina bainisteoir oifige i gcomhlacht soláthar tógála áitiúil. Le linn a gairmréime d'oibrigh sí do roinnt comhlachtaí áitiúla i róil mar an gcéanna.	
Bhí Brian ina dhochtúir le tuilleadh agus 15 bliana. Thosaigh sé a obair i réimse ospidéal ar fud Thuaisceart Éireann ach anois oibrím sé mar dhochtúir ginearálta san ionad sláinte áitiúil aige.	

An Mhaitrís Eochair-Dhualgas

	Cúntóir Siopa	**Feirmeoir**	**Dlíodóir**	**Teagascóir Corpacmhainne**	**Altra**
Ag obair le trealamh					
Ag plé le custaiméirí					
Ag scríobh litreacha					
Ag úsáid ríomhaire					
Obair láimhe					
Ag déanamh táirgí					
Ag díol					
Ag úsáid an ghutháin					
Ag obair taobh amuigh					
Ag cloí le sláinte agus sábháilteacht					
Ag freastal ar chruinnithe					

Cás-staidéar ‘Ár mBaile’

I ndiaidh dóibh suíomh a cheannach, rinne Seosamh agus Siobhán iarratas don oifig pleanála le cead a fháil teach a thógáil. Nuair a fuair siad an cead pleanála bhuail an bheirt acu lena n-ailtire áitiúil a chuir na pleananna dá mbaile nua le chéile.

Ansin bhuail an bheirt lena gcomhairleoir airgeadais áitiúil le morgáiste a fháil leis an teach a thógáil.

Shínigh Seosamh agus Siobhán conradh leis an chonraitheoir tógála áitiúil, de Brún agus a Mhac, leis an teach a thógáil agus leis an obair pluiméireachta agus siúinéireachta a ghlacadh faoina gcúram.

Agus iad ag fanacht lena dteach nua bheith tógtha, chaith Seosamh agus Siobhán an chuid is mó dá ndeirí seachtaine ag siopadóireacht i siopaí troscán agus earraí tí.

Cheannaigh siad gach rud a bhí de dhíth orthu leis an teach a mhaisiú agus a fhearastú.

Nuair a dhearbhaigh siad go raibh an leictreachas á nascadh, chinn siad go raibh sos gairid de dhíth orthu lena scíth a ligean agus chuaigh siad go Páras ar deireadh seachtaine fada.

Bileog Achoimre Múinteora Cás-staidéir

Eochairfhoca(i)l	Earnáil	Tasc
Oifig Pleanála	Poiblí	Cead pleanála
Ailtire	Foirgníocht	Dearadh an fhoirgnimh
Comhairleoir Airgeadais	Airgeadas	Airgead a fháil ar iasacht
Conraitheoir Tógála	Foirgníocht	An teach a thógáil
Siopadóireacht	Miondíol	Ceannach troscáin
Nasctha	Fuinneamh agus fóntas	Soláthar leictreachais
Sos	Fáilteachas, taisteal agus turasóireacht	Deireadh seachtaine i bPáras

Taifead Athmhachnaimh an Dalta (1 as 2)

Cad iad na hearnálacha fostaitheachta ar chuir tú spéis iontu le linn an aonaid seo?

Sa spás seo thíos scríobh an post/na poist is mó ar chuir tú spéis ann/iontu ó na hearnálacha thuas. Mínigh an rud/na rudaí ar chuir tú spéis ann/iontu.

Úsáid réimse modhanna taighde leis na gnéithe den phost is mó a gcuireann tú spéis iontu a fháil amach. Taifead do thorthaí sa bhosca seo thíos:

Róil agus freagrachtaí:

Cáilíochtaí atá de dhíth:

Fíricí spéisiúla faoin phost:

Áis 10

Taifead Athmhachnaimh an Dalta (2 as 2)

Cé acu de na gníomhaíochtaí pleanála gairme a chuir tú i gcrích mar chuid den aonad seo?

Léitheoireacht ☐

Amharc ar fhíseáin ☐

Taighde ☐

Cur i láthair ☐

Ag foghlaim ó dhaoine eile ☐

Sínithe: _____

Múinteoir: _____

Tuismitheoir: _____

Suímh Idirlín Úsáideacha

Le teacht ar an ábhar tacaíochta is úire don Oideachas don Infhostaitheacht, logáil ar **www.ccea.org.uk/employability**

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning